Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**6509/25**
**ADD 2**

**EDUC 41**
**JEUN 24**
**SOC 95**
**DIGIT 31**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile.<br>– *Formheas*<br>– *Ráiteas ón tSualainn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón tSualainn i dtaca leis an ábhar thuasluaite.

**Ráiteas ón tSualainn i ndáil leis na conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile**

Ba mhian leis an tSualainn a mhíniú an fáth nach n-aontaíonn sí go hiomlán le hábhar na gconclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile. Mar sin féin, níl an tSualainn i gcoinne fhormheas na gconclúidí.

Léirítear go soiléir in Acht Oideachais na Sualainne nach mór an treoir agus an spreagadh atá de dhíth ar gach leanbh agus dalta i ngach cineál scoile agus cúraim iarscoile a thabhairt dóibh i leith a gcuid foghlama agus forbartha pearsanta. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí ar deacair dóibh, mar gheall ar mhíchumas, na critéir ghrádaithe éagsúla nó na critéir ábhartha chun eolas a mheasúnú a bhaint amach, ar tacaíocht í a bhíonn dírithe ar ghníomhú in aghaidh iarmhairtí a bhaineann leis an míchumas sin a mhéid is féidir. Ina theannta sin, tá an tSualainn ar cheann de na tíortha a bhfuil clár oibre cuimsitheach láidir san oideachas i bhfeidhm aici le fada, agus tá beartais chuimsitheacha ina ndlúthchuid den teoiric agus den chleachtas san oideachas sa tSualainn. Dar leis an tSualainn, cé go bhfuil an t-oideachas cuimsitheach oiriúnach i gcásanna áirithe, gur féidir leis a bheith fritorthúil freisin. Nuair a bhítear ag súil go gcuirfidh múinteoir bearta tacaíochta éagsúla ar fáil do roinnt daltaí sa seomra ranga céanna, bíonn an baol ann, agus na daltaí ar fad á múineadh le chéile, go mbeidh eisiamh seachas cuimsiú i gceist mar gheall ar easpa tacaíochta aonair riachtanaí do dhaltaí le linn ceachta.

Dá bhrí sin, is mian le Rialtas na Sualainne a chur i bhfios go láidir nach féidir glacadh leis go bhfaigheann gach dalta a bhfuil bearta tacaíochta de dhíth orthu na bearta sin ar an mbealach is fearr is féidir faoi chuimsiú an teagaisc rialta nó i seomraí ranga príomhshrutha. I gcásanna áirithe, bíonn gá le bearta tacaíochta lasmuigh den teagasc rialta. Féadfar a áireamh orthu sin bearta chun feabhas a chur arbhunscileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta, agus  tacaíocht ó mhúinteoirí oideachais speisialta freisin, rochtain ar ghrúpaí beaga teagaisc agus rochtain ar sheirbhísí sláinte ardcháilíochta do dhaltaí.

Ar an gcúis sin ba mhaith leis an tSualainn a chur in iúl nach léirítear go leordhóthanach sna conclúidí molta ón gComhairle an chastacht agus na miondifríochtaí a bhaineann le gnáthchleachtas scoile.

---